Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12142/26**

**AGRILEG 195**
**PESTICIDE 55**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 22 Iúil 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D113006/03 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh asocsastróibine, eatafeanprocs, feanpróipidín, fluipiridhéfhúróin, heicsitiasocs, iomasailile, spíonasad agus teabúifeanóiside i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D113006/03.

Faoi iamh: D113006/03

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/2744
(POOL/E4/2025/2744/2744-EN.docx)
D113006/03
[…](2026) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh asocsastróibine, eatafeanprocs, feanpróipidín, fluipiridhéfhúróin, heicsitiasocs, iomasailile, spíonasad agus teabúifeanóiside i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)


GA

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh asocsastróibine, eatafeanprocs, feanpróipidín, fluipiridhéfhúróin, heicsitiasocs, iomasailile, spíonasad agus teabúifeanóiside i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás asocsastróibine, eatafeanprocs, feanpróipidín, fluipiridhéfhúróin, heicsitiasocs, iomasailile, spíonasad, agus teabúifeanóiside, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) An 12 Iúil 2019, ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius uasleibhéal iarmhar Codex ('CXL') nua i gcás na substainte gníomhaí iomasailile i mbananaí[2].

(3) An 13 Samhain 2025, ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius CXLanna nua le haghaidh na substaintí gníomhacha asocsastróibin, eatafeanprocs, feanpróipidín, fluipiridhéfhúrón, heicsitiasocs, spíonasad agus teabúifeanóisíd i roinnt táirgí bia[3].

(4) I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], i gcás inarb ann do chaighdeáin idirnáisiúnta nó i gcás ina gcuirfear i gcrích iad go luath, tá siad le cur san áireamh i bhforbairt nó in oiriúnú dhlí an bhia, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin sin nó codanna ábhartha díobh ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dhlí

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

[2] Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius, an 42ú Seisiún. CICG, an Ghinéiv, an Eilvéis, an 8-12 Iúil 2019. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-42%252FReport%252FREP19_CACe_Final.pdf.

[3] Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, Coimisiún Codex Alimentarius, an 48ú Seisiún, Ceanncheathrú FAO, an Róimh, an Iodáil, an 10-14 Samhain 2025. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-48%252FFINAL%2BREPORT%252FREP25_CACe.pdf.

[4] Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

bia an Aontais a chomhlíonadh, nó i gcás ina mbeadh údar eolaíoch ann, nó ina dtiocfadh leibhéal cosanta astu a bheadh éagsúil leis an leibhéal a chinntear a bheith iomchuí san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 13, pointe (e), den Rialachán sin, tá an tAontas le comhsheasmhacht idir caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta agus dlí bia an Aontais a chur chun cinn agus é á áirithiú an tráth céanna nach laghdófar an t-ardleibhéal cosanta a ghlactar san Aontas.

(5) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na CXLanna sin do thomhaltóirí agus d'fhoilsigh sé tuarascálacha eolaíocha[5,6].

(6) Maidir le hiomasailil, chuir an tAontas forchoimeádais[7] faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí maidir leis an CXL atá beartaithe le haghaidh iomasailile i mbananaí go dtí go mbeidh toradh ar an meastóireacht leanúnach ar airíonna tocsaineolaíocha roinnt meitibilítí iomasailile san Aontas. I dTuairim Réasúnaithe ina dhiaidh sin[8], tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh go sásúil ar na bearnaí sonraí maidir le tocsaineolaíocht na meitibilítí sin agus go bhfuil an CXL le haghaidh iomasailile i mbananaí sábháilte do thomhaltóirí san Aontas. Ba cheart an CXL le haghaidh iomasailile i mbananaí a bheith in Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 dá bhrí sin.

(7) Chuir an tAontas forchoimeádais[9] faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí maidir leis an CXL atá beartaithe le haghaidh eatafeanprocs in uibheacha, an CXL atá beartaithe le haghaidh feanpróipidín i mbananaí, na CXLanna atá beartaithe le haghaidh fluipiridhéfhúróin i scairteach inite, saill agus matánach ó éin, i scairteach inite agus saill ó mhamaigh (seachas saillte bainne), i matánach ó mhamaigh seachas mamaigh mhuirí, i mbainne agus in uibheacha, agus an CXL atá beartaithe le haghaidh heicsitiasocs i gcaora cána.

(8) Maidir le CXLanna áirithe le haghaidh asocsastróibine, eatafeanprocs, feanpróipidín, fluipiridhéfhúróin, heicsitiasocs, spíonasad agus teabúifeanóiside, níor shainaithin an tÚdarás aon riosca do thomhaltóirí san Aontas ina leith, agus níor chuir an tAontas forchoimeádas faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí ná an Choimisiúin Codex Alimentarius ina leith. Ba cheart a mheas go bhfuil na CXLanna

---

5 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. *Scientific support for preparing an EU position for the 51st Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* ['Tacaíocht eolaíoch chun seasamh an Aontais a ullmhú don 51ú Seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí']. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 17(7), 5797. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5797.

6 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. *Scientific support for preparing an EU position in the 56th Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* ['Tacaíocht eolaíoch chun seasamh ón Aontas Eorpach a ullmhú don 47ú Seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí']. *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2025;23:e9640. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9640.

7 Barúlacha a chuir an tAontas Eorpach isteach. An Coiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí, an 51ú Seisiún. CRD04, Aibreán 2019. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-51%252FCRD%252Fpr51_CRD04x.pdf.

8 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. Meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú MRL Airteagal 12 agus na huasleibhéil iarmhair atá ann cheana le haghaidh iomasailile i dtorthaí citris a mhodhnú. *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2025;23:e9614. https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/10.2903/j.efsa.2025.9614.

9 Barúlacha a chuir an tAontas Eorpach isteach. An Coiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí, an 56ú Seisiún. CRD18 Rev.1, Meán Fómhair 2025. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-56%252FCRDs%252Fpr56_crd18x_Rev.1.pdf.

sin sábháilte agus dá bhrí sin, ba cheart iad a chur le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, seachas i gcás ina mbaineann siad le táirgí nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin nó i gcás ina bhfuil siad ag leibhéal níos ísle ná na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh na gcomhcheangal lotnaidicídí/táirgí lena mbaineann. Ina theannta sin, maidir leis na CXLanna le haghaidh fluipiridhéfhúróin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach raibh gá le modhnú ar na MRLanna le haghaidh aigéad défhluaraicéiteach i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(9) Ar bhonn na dtuarascálacha eolaíocha ón Údarás, agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil na modhnuithe ar na MRLanna inghlactha.

(10) Ina theannta sin, an 4 Iúil 2009 ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius CXL nua le haghaidh na substainte gníomhaí asocsastróibin i dtorthaí citris[10]. Ina dhiaidh sin, le Rialachán (AE) Uimh. 459/2010 ón gCoimisiún socraíodh an MRL le haghaidh asocsastróibine i dtorthaí citris ar leibhéal an CXL i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[11]. An 18 Iúil 2014, tháinig an Coimisiún Codex Alimentarius ar chomhaontú maidir le hathbhreithniú ar an Aicmiú Codex Bia agus Beatha chun ‘cumcuataí’ a chur leis an ngrúpa ‘torthaí citris’[12]. Dá bhrí sin, tá feidhm ag an CXL le haghaidh asocsastróibine i dtorthaí citris maidir le cumcuataí freisin agus ba cheart an MRL le haghaidh asocsastróibine i gcumcuataí a shocrú ar leibhéal an CXL i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(11) A mhéid a bhaineann le teabúifeanóisíd, cuireadh isteach iarratas ina n-iarrtar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh cnónna Brasaíleacha, cnónna caisiú, cnónna capaill, cnónna cócó, cnónna coill, macadaimia, cnónna peacáin, eithní cnónna péine, cnónna pistéise agus cnónna crainn ‘eile’ a mhodhnú de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(12) Rinne an tÚdarás measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú go háirithe ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d’ainmhithe, agus thug sé tuairim réasúnaithe uaidh faoi na MRLanna atá beartaithe[13]. Chuir sé an tuairim sin ar aghaidh chuig an iarratasóir, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal í.

(13) A mhéid a bhaineann leis an iarratas sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh na sonraí iomchuí chun na moltaí MRL le haghaidh na dtráchtearraí faoi mheasúnú a

---

10 Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius, an 32ú Seisiún. Ceanncheathrú FAO, an Róimh, an Iodáil, an 29 Meitheamh - an 4 Iúil 2009. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-32%252Fal32REPe.pdf.

11 Rialachán (AE) 459/2010 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2010 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh lotnaidicídí áirithe i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe. (IO L 129, 28.5.2010, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/459/oj).

12 Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius, an 37ú Seisiún
CICG, an Ghinéiv, an Eilvéis, an 14-18 Iúil 2014. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-37%252FREP14_CACe.pdf.

13 *Modification of the existing maximum residue level for tebufenozide in tree nuts* [Modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh teabúifeanóiside i gcnónna crainn]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2026; 24 (1): e9819, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2026.9819.

dhíorthú nó a dheimhniú. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna a iarradh le haghaidh teabúifeanóiside i gcnónna Brasaíleacha, cnónna caisiú, castáin, cnónna cócó, cnónna coill, macadaimia, cnónna peacáin, eithní cnónna péine, cnónna pistéise agus cnónna crainn 'eile' a shocrú ar na leibhéil a mholann an tÚdarás.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*